Fada an turus tug Eamhain

[Mac Airt, Seán, *Leabhar Branach*, Dublin, 1944, poem 56]

Donnchadh Ó Fíláin .cc.

[For the story referred to below in qts 30-34 see *Cuimhnigh leat meise, a Mhurchaidh*, qts 21-9]

1 Fada an turus tug Eamhain;
táinig ar cuairt chéimleabhair
fá bhuaidh n-aoibhill a hUltaibh
’na sduaigh aoibhinn iongantaigh.

2 Fada an turus tug a-nall
Eamhuin go n-iomad saorchlann
ón scaith slóigh mheardha Macha
’na mbróin fheardha ionchatha.

3 Treabh aoibhinn Eamhna Macha,
na slóigh shíthe shiobhlacha,
céim san taobh theas gur thogair,
ní feas raon dá rángadair.

4 A n-ard ná a n-ísiol sligheadh
scél iongna nár hairigheadh,
lios mínEamhna a ttuaidh ag teacht
’s na sluaigh fhírfheardha a n-aoineacht

5 Nach iongna nár airigh neach
tairm a srian, seinm a lúireach,
ná fuaim ghríobhnaoidhe a ngreagh
lér fíorshnaoidhe cruaidh craoitheadh

6 Iongna fós nár fionnadh soin,
ní bhiadh drong ina ndíormuibh
gan gháir seanma beann mbuabhall,
dream dob fheardha a n-éttualang.

7 An tuas re nélluibh nimhe
do thriall an treabh ghlainidhe.
nó an fá úr thalmhan do thriall
glanbhrugh mur dhún na ndaighNiall?

8 ’Sé fáth fá bhfiafraigheann sinn,
a lorg ar úir ní fhaicim;
ní feas dún créd as conair
do dhún na séd síodhamhail.

9 Go Raghnallchuibh na ród nglan
Eamhain d’éirghe is eadh mheasdar
d’aoinléim a ttuaidh ó Thoraigh
’na sduaigh chaoinréidh chruthamhail.

10 Don léim-sin ar locadh dí,
Eamhuin cáit ’nar chuir faoithe?
do thréig mé m’aincheas uime,
ní failcheas é oruinne.

11 Baile na Corra, cuan scol,
dún caithmheach na gcreach líonmhor,
treabh fhírEamhna is ann do an
’s a rann címhfheardha curadh.

12 Níor fhághuibh earradh ná each,
adhbha ciúil ná corn loinnreach;
ní tuar meanma d’fhéin Oiligh
céim Eamhna dá n-ionnsoighidh.

13 Níor fhághuibh fós fuidheall sleagh
níor fhághuibh arm ná éideadh
’s tug roghain na laoch a-le;
ní conair fraoch a bhfeirge.

14 Tángadur, ní turus gar,
ré cois ceannphort chláir Uladh;
sgath na ndáileamh bhus dearbh leam
bearn san áireamh ní fhúigfeam.

15 Mná bélchorcra an bhrogha thall,
táinig díobh díorma neamhghann
ré cois ríghEamhna ón taoibh thuaidh
fá chaoir mhílfheardha mharcshluaigh.

16 Is é a-deirid drong oile,
Eamhuin chaomh chlann Rudhraighe,
ón leith tall nár thriall sisi
a-nall don fhiadh oili-si.

17 Treabh Eamhna, munab í soin
dún Féilim, [ca fearr samhail?],
dá threibh dheaghshnoighthe as caoin corr
saoir a n-eallmhuighthe is iononn.

18 Bruidhean Bhaile na Corra,
dún laoch go lucht bhfoghloma,
ní fhuil tnúdh ré teagh Eamhna
ag dún na bhfleadh bhfíneamhna.

19 Teach ’na bhfaghthur fios gach sceóil
do-ní feasach fear aineóil;
ní bhí a-moigh fios nach foighe
san toigh mar lios Laoghoire.

20 Ag dún mhórdha meic Neasa
tarla na thoigh coimeasa,
dún síthghreaghach na slios bhfionn,
lios fán mínshreabhach maoilionn.

21 Ionann taitneamh ’na ttoighibh,
ionann lúth ’na laochroidhibh,
ionann dealradh na ndún ngeal
is rún meanman a míleadh.

22 Ionann dáil a ndáiliomh sin,
ionann cuirn dáibh is dáilimh,
ionann dúil óil na n-ardbhrugh,
duin ris [mbadh] cóir comhardodh.

23 Ionann go fiú gille a ngreagh,
ionann a n-arm ’s a n-éideadh,
dún mur soin ní silltir sonn,
ní fhoil inntibh acht ionann.

24 Ionann d’airrdheanaibh oile
an dá thriath ’s a tteaghluighe,
dún fíneamhnach na bhfleadh tte
’s an teagh ríghfheadhnach roimhe.

25 Geall na gcuradh cosnuid soin,
slán eólach go n-uair samhail,
a-nall ó fhearuibh Eamhna
d’fheadhuin na lann loinneardha.

26 Laoich uallcha na n-iorghal tte
do buaileadh a gcló a chéile,
fir eagair Chláir na gCuradh
’s dreagain cháigh do cheannsughadh.

27 Ní móide as beag brígh an ghlóir,
mín tagruid a ttigh comhóil,
feadhain choilglíomhtha crann sean,
boirbfhíochdha in t-am bhus éigean.

28 Laoich thoghtha na ttreas n-eólach
beirid gach buaidh n-aimhdheónach,
ré cois fhíreólaigh Chláir Chuinn

ríleómhain áigh gach énfhuinn.

29 Mór bheanus rem bile ós fiodh
scél do-chuala ar cheann nGaoidhiol,
a-dér d’iomrádh a anma,
sgél iomlán a ionnshamhla.

30 An saoghal a ndeilbh dhuine
tarla lá ar Bhrian Bóruimhe,
dár gheabh ag rolabhra ris
seal a gcomhardha cairdis.

31 Ré branán cosnaimh Cláir Chuirc
an saoghal is sé adubhairt:
“Ná lean dínn, diombuan m’annsa,
bídh go hionnfhuar umam-sa.”

32 “Ró toile ná tabhair dhamh;
tuig, a Bhriain, so”  ar an saoghal,
“ní dóigh comhuill go síor sinn,
do líon oruinn na hinnill.”

33 An fear céadna do chan ris:
“Is é sin sealbh an tsaidhbhris,
caith do mhaoine ar mhéad n-anma,
a ghég naoidhe nathardha.”

34 Don teagusc fuair fada ó shoin
mac Ciinnéidigh cuain Luimnigh,
níor fhég am fhoghuil a shéd,
gég do roghuin na ríghég.

35 Teagusc mar Bhrian an bhairr ghloin
dar lat uair oighri Fiachaidh;
ní thig uair caigealta cruidh,
faideachtra luaidh do leabhruigh.

36 Do riar aoigheadh gan fhéil sguir
tug Féilim, más fíor d’eólchuibh,
toil ón beanglánach a bhladh;
neamhghrádhach Soin fán saoghal.

37 Fear coimhéda clú a shleachta
tug fhuath ó aois naoidheanta
do mheanma cruinighthe cruidh;
tuinighthe bearna baoghuil.

38 Ní béim ortha a n-abruim ribh,
atáid uaisle an fhuinn Laighnigh

ó chlú an chaithleómhain síos seal;
do aithbheódhaigh gríos Ghaoidheal.

39 Mac mheic Aodha, an t-ésga lán,
ré turaidh do thogh Bearchán,
dá ttig scaoileadh ceó a chinidh,
aoibheal bheó nách báithfidhir.

40 A hucht Fheilim nách óg rath,
ní dóigh iomtha an fhian Bhranach,
fir fá cheann áigh budh értha;
fearr an táir nách toigérfa.

41 Ní fhuil breith ar a buain di;
geall na n-ógbhan fhuair sisi;
fán mbarr clú do-chuaidh d’Úna
a-nú ní huair iomthnúdha.

42 Minic bhíos re béluibh scol
bean dán dúthchus dáil bronntadh;
doighir a gruadh ag gabháil,
ní tuar oinigh d’iongabháil.

43 Inghean Fhiacha, abhra mall,
bean dáilte na nduas neamhghann,
tearc ar chlú as cóir ’na comhar,
an chnú óir ar n-aboghadh.

44 Sgél ós aird a n-abruim roibh,
breith fhileadh Innsi Cobhthaigh
do-chuaidh soin lé sén Úna;
mo scél ní fhoil ionrúna.